

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Na Gnéithe Cáilíochta: Duine Tiomanta

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú.

<b>Thar barr ar fad</b>	<b>Na Gnéithe Cáilíochta</b>
<p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Tá sárthaighde le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas iontach inchreidte agus cuimsitheach sa tuairisc faoin mbealach a d'imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta géarchúiseach ar an bhfoghlaim chomh maith le feacht ar a gciallaíonn sé don scoláire</p>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Tá taighde an-mhaith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas inchreidte agus cuimsitheach sa tuairisc faoin mbealach a d'imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá fianaise mhaith le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire</p>
<p><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá taighde maith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas réasúnta soiléir comhtháite sa tuairisc faoin mbealach a d'imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá roinnt fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire, cé go bhfuil sé réasúnta teoranta.</p>
<p><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Tá sé le feiceáil sa tuairisc nach ndearnadh ach méid teoranta taighde maidir le scóip na tuairisce agus na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas an-bhunúsach sa tuairisc faoin mbealach a d'imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol ach ní thugtar mórán fianaise ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire.</p>